Cuid 6

# 6 An Rúnaíocht



Is cuid thábhachtach den PPN í an Rúnaíocht. Is í an brainse riaracháin í agus is é an tOllchruinniú (na Ballghrúpaí uile) a stiúrann í.

Ionadaithe Ballghrúpaí as na trí Choláiste uile (Pobal agus Deonach, Cuimsiú Sóisialta agus Comhshaol) is ea an Rúnaíocht. Is é ról na Rúnaíochta a chinntiú go bhfeidhmítear na cinntí a dhéanann an tOllchruinniú, comhlacht oibríochtúil cinnteoireachta, an PPN. Déanann sí maoirseacht freisin ar fheidhmiú an Phlean Straitéisigh. Más gá don Rúnaíocht cinntí oibríochta a dhéanamh idir Ollchruinnithe, caithfear iad a fhaomhadh (a dhaingniú) ag an gcéad Ollchruinniú eile.

# Cé atá sa Rúnaíocht?

!

Ba chóir go léireofaí sa Rúnaíocht nádúr an PPN ina iomláine. Le ciorclán na Roinne (CVSP 1/2014 a chomhlíonadh, caithfidh na daoine seo **ar a laghad** a bheith ar Rúnaíocht PPN:

- ionadaí amháin as gach Ceantar Bardasach i gcontae (nó ceantair ar leith geografach sna cathracha), agus
- an líon céanna daoine (ach beirt ar a laghad) as na trí choláiste toghcháin uile (Comhshaol, Cuimsiú Sóisialta, Pobal agus Deonach).

Nuair a bhíonn folúntais ann, ba chóir iad a líonadh a luaithe agus is féidir.

Is gá gur Ballghrúpa óna gceantar (geografach) nó Coláiste (Pobal agus Deonach, Cuimsiú Sóisialta, Comhshaol) féin a ainmneoidh daoine a thoghtar ar an Rúnaíocht.

Níl cead ach ag Ballghrúpaí a bhaineann leis an gceantar nó Coláiste céanna vótáil do gach ainmní. Mar shampla, má ainmníonn grúpa sa Choláiste Cuimsiú Sóisialta i gCeantar Bardasach ar leith iarrthóir, níl cead ach ag Ballghrúpaí sa Choláiste Cuimsiú Sóisialta vótáil ar a son. B'fhéidir gur mhaith le roinnt PPN baill Rúnaíochta a cheapadh ar bhonn Grúpaí Nasctha freisin. Is é is tábhachtaí go ngníomhaíonn an Rúnaíocht thar ceann an PPN iomláin – gach Ballghrúpa PPN – agus í i mbun a cuid dualgas.

I gcóras na gColáistí, cinntítear go bhfuil comhionadaíocht ag na trí ghuth ar leith (Comhshaol, Cuimsiú Sóisialta, Pobal agus Deonach) sa PPN ar an Rúnaíocht agus is féidir a dtuairimí a chur in iúl go soiléir.

Níl cead ag baill foirne Údarás Áitiúil a bheith ina mbaill de Rúnaíocht PPN, fiú más cuid de Bhallghrúpa PPN iad.

*Toghadh in oifig Rialtais*

!

D'fhonn neamhspleáchas an PPN a choinneáil, níl cead ag Baill Rúnaíochta PPN seasamh i dtoghchán d'aon oifig Rialtais, bíodh sé ag leibhéal áitiúil, náisiúnta nó Eorpach, agus fanacht sa Rúnaíocht PPN. Má shocraíonn Ball de Rúnaíocht PPN seasamh i dtoghchán d'oifig Rialtais, caithfidh siad éirí as a bpost **láithreach** roimh a n-ainm a chur chun tosaigh le go n-ainmneofar iad.

Mura n-éiríonn le ball Rúnaíochta ina n-iarracht le bheith ainmnithe i gcomhair toghcháin d'oifig Rialtais, caithfidh siad fanacht 12 mhí ar a laghad i ndiaidh an dáta ar cuireadh in iúl dóibh nár éirigh lena n-iarracht ar ainmniúchán roimh pháirt a ghlacadh i dtoghchán Rúnaíochta.

Má ainmnítear an ball Rúnaíochta i gcomhair toghcháin ach nach n-éireoidh leo, caithfidh siad fanacht 12 mhí ar a laghad i ndiaidh dháta an toghcháin roimh pháirt a ghlacadh i dtoghchán Rúnaíochta.

Dá dtoghfaí an ball Rúnaíochta, caithfidh siad fanacht 12 mhí ar a laghad i ndiaidh dháta dulta in éag a dtéarma oifige roimh pháirt a ghlacadh i dtoghchán Rúnaíochta.

## Ról na Rúnaíochta

Is foras riaracháin í an Rúnaíocht atá faoi stiúir Ollchruinniú an PPN. Is é a ról:

- Cuidiú a thabhairt chun cinntí oibríochta an Ollchruinnithe a chur i bhfeidhm.
- A chinntiú go bhfuil an PPN ag oibriú mar is ceart idir Ollchruinnithe thar ceann na mBallghrúpaí.
- Gníomhaíochtaí PPN a eagrú, nó cuidiú a thabhairt ina leith, thar ceann na mBallghrúpaí.
- Cumarsáid rialta a dhéanamh le gach Ball PPN agus eolas a roinnt chomh leathan agus is féidir faoi ghníomhaíochtaí uile PPN.
- Taifid chruinne, cothrom le dáta a choinneáil ar ghnó PPN, lena n-áirítear miontuairiscí cruinnithe agus a chinntiú go scaiptear cláir cruinnithe go tráthúil.
- Bheith mar phointe teagmhála PPN don Údarás Áitiúil, an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail, PPNanna eile, An Grúpa Comhairleach Náisiúnta agus do pháirtithe leasmhara eile an PPN.
- Déileáil leis an gcomhfhreagras ar fad thar ceann an PPN trí chóipeanna a sheoladh agus freagraí a scríobh.
- Oibrithe PPN a éascú agus cuidiú leo ina ngníomhaíochtaí laethúla agus iad ag feidhmiú chuspóirí an PPN.

## Ainmniúcháin agus Téarma Oifige

Ba chóir toghadh na mBall den Rúnaíocht a bheith ar aon dul le mandáid dhaonlathach na PPNanna.

! D'fhonn rannpháirtíocht a bhaint amach dáiríre, ní mór don PPN a chinntiú go ndéantar róil na nIonadaithe, amhail an Rúnaíocht a athnuachan go rialta.

Ba chóir Rúnaíochtaí a athnuachan gach 3–5 bliain ar a laghad chun a chinntiú go mbíonn cothroime idir an gá atá le baill a bheith acu ag a bhfuil an t-eolas agus an tuiscint ar an obair atá an PPN a dhéanamh agus an gá a chinntiú go bhfuil ionadaíocht chuí ag na baill. Nuair a bhítear ag athnuachan na Rúnaíochta, ba chóir do na baill is faide seirbhís éirí as ar dtús chun go bhféadfaidh guthanna nua teacht isteach. Lena chois sin, níor chóir d'aon bhall den Rúnaíocht níos mó ná dhá bhliain a dhéanamh i ndiaidh a chéile.

! Ní mór do PPN timthriall toghcháin na Rúnaíochta a dheighilt ó thimthriall toghcháin áitiúil na gComhairleoirí, chun a chinntiú go mbíonn Rúnaíocht a bhfuil taithí aici ann nuair is gá ionadaithe nua a thoghadh ar Bhoird agus Coistí Údaráis Áitiúla. Nuair nach amhlaidh, ní mór do PPN beartú chuige seo a luaithe agus is féidir.

! Ba chóir do Bhallghrúpaí baill den Rúnaíocht a ainmniú i ndiaidh próiseas oscailte, trédhearcach ainmniúcháin. Más amhlaidh nach ann níos mó don fhoras ainmniúcháin bunaidh nó nach bhfuil baint ag an Rúnaíocht leo a thuilleadh, glacfar leis gur éirigh an ball den Rúnaíocht as an ról agus roghnófar duine eile i ndiaidh próiseas ainmniúcháin eile.

Tá ballraíocht Rúnaíochta bailí ar feadh 3–5 bliain, ag brath ar an PPN.

! Ní mór go gcuimseofar foráil chun téarma oifige na Rúnaíochta a chéimniú i ngach Bunreacht PPN. Mura cuid de Bhunreacht PPN í cheana féin, ba chóir í a chuimsiú a luaithe agus is féidir, cé go n-aithnítear go mb'fhéidir gur ghá leasú foirmiúil bunreachta agus Cruinniú Ginearálta Speisialta chuige seo. Fanann trian den ghrúpa in áit d'fhonn leanúnachas a chinntiú.

Ba chóir Cathaoirleach/Éascaitheoir Uainíochta a bheith ag gach Rúnaíocht, a cheaptar as measc na ballraíochta. Ar aon dul leis an Struchtúr Cothrom, ba chóir teorainn ama a bheith le ról an Chathaoirligh/Éascaitheora Uainíochta agus é ar fáil do gach ball den Rúnaíocht uair amháin ar a laghad le linn a dtéarma oifige. Chun a chinntiú go mbíonn faill ag gach ball den Rúnaíocht a bheith mar Chathaoirleach/Éascaitheoir Uainíochta, moltar gur chóir an ról seo a mhalartú i ndiaidh gach cruinniú, ach gach 6 mhí ar a laghad. Caithfidh gach ball den Rúnaíocht a ghlacann ról an Éascaitheora Uainíochta dul faoi oiliúint sna freagrachtaí/inniúlachtaí riachtanacha, amhail cathaoirleacht cruinnithe agus scileanna maithe cumarsáid foirne. Íocfar as an oiliúint seo as buiséad PPN.

Is tábhachtach go gcloítear le prionsabail agus cleachtais an Struchtúir Chothroim (m.sh. cuimsitheacht, rannpháirtíocht, gníomhaíochas na mball uile, neamh-ordlathach) beag beann ar cibé teideal atá ar róil ar leith ar an Rúnaíocht, amhail Éascaitheoir nó Cathaoirleach.

Is é ról an Chathaoirligh/Éascaitheora Uainíochta:

- Cruinnithe a éascú go gníomhach le linn a dtéarma mar Chathaoirleach/Éascaitheoir Uainíochta.
- A chinntiú go bhfeidhmítear gníomhartha a aontaíodh ar chruinnithe a eagraítear le linn a dtéarma Chathaoirleach/Éascaitheoir Uainíochta agus, más gá, an tOllchruinniú iad a fhaomhadh (a dhaingniú).
- Ionadaíocht a dhéanamh thar ceann na Rúnaíochta ar chruinnithe agus ar imeachtaí ábhartha le linn a dtéarma mar Chathaoirleach/Éascaitheoir Uainíochta.
- Aon dualgas riachtanach eile a dhéanamh thar ceann an PPN de réir mar is gá.

## Cód Iompair

!

**Ní mór do gach PPN Cód Iompair Rúnaíochta a bheith acu lena chinntiú go bhfeidhmíonn an Rúnaíocht ar dhóigh oscailte, thrédhearcach agus í chomh cuimsitheach agus is féidir. Tá Cód Iompair samplach leagtha amach in Aguisín 8.**

# Cruinnithe den Rúnaíocht

Ba chóir don Rúnaíocht sceideal bliantúil cruinnithe a aontú ag tús gach bliana mar chuid dá Plean Oibre. Ba chóir cruinnithe a thionól in áiteanna agus ag amanna is oiriúnaí do bhunús bhaill na Rúnaíochta.

Ba chóir don Rúnaíocht líon na gcruinnithe a bhíonn de dhíth gach bliain a aontú chun a chur ar a gcumas an Plean Oibre a chur i gcrích. B'fhéidir go mbeadh gá le cruinnithe breise chun déileáil le himeachtaí nach mbeadh coinne leo, ach ní mór gur cúinsí eisceachtúla iad seo.

!

**Tá freastal ar chruinnithe Rúnaíochta riachtanach. Mura bhfreastalaíonn aon bhall den Rúnaíocht ar thrí chruinniú i ndiaidh a chéile agus, dar leis an Rúnaíocht PPN, gan cúis mhaith, bainfear an ról díobh.**

Féadann an ball den Rúnaíocht achomharc a dhéanamh i gcoinne an chinnidh seo ar aon dul leis an Nós Imeachta Gearáin PPN sainiúil (féach an sampla in Aguisín 2).

Mura n-éireoidh leis an achomharc, nó mura ndéanfar aon achomharc, lorgóidh an PPN ball eile den Rúnaíocht ón gCeantar Bardasach/Coláiste bainteach.

# Oiliúint Ionduchtúcháin agus Tacaíocht Leanúnach

Cuirfidh an PPN oiliúint iondúchtúcháin ar fáil do gach ball nuacheaptha den Rúnaíocht. Féadann baill den Rúnaíocht eile, nach bhfuil nuacheaptha ach ar mhian leo "cúrsa athnuachana" a dhéanamh freastal ar an oiliúint seo freisin, ag brath ar an líon daoine, ach go mbeidh tús áite acu sin atá nuathofa. Ba chóir go gcumhdófaí, ar a laghad, san oiliúint seo:

- Ról an PPN, a luachanna agus prionsabail
- Ról na Rúnaíochta
- Cód iompair na Rúnaíochta
- Forléargas ar fheidhmiú an PPN, a pholasaithe agus nósanna imeachta.

!

**Tá oiliúint iondúchtúcháin Rúnaíochta éigeantach. Féachfaidh an PPN leis an oiliúint iondúchtúcháin seo a chur ar fáil a luaithe agus is féidir i ndiaidh ceapadh baill nua den Rúnaíocht.**

# An Líonra Náisiúnta Rúnaíocht PPN

Ionadaithe ón 31 Rúnaíocht PPN atá sa Líonra Náisiúnta Rúnaíocht PPN. Tagann an grúpa seo i gceann a chéile chun dea-chleachtas a phlé i ngach cuid den líonra PPN agus chun comhoibriú le go neartófar an PPN ina iomláine ach a bheith eolach ar dhifríochtaí áitiúla agus réigiúnacha agus glacadh leo.

# Taisteal agus Speansais

Íocfar taisteal agus speansais le baill den Rúnaíocht i leith a n-ionadaíochta oifigiúla thar ceann an PPN, seachas a ról mar Ionadaithe PPN ar Bhord nó Coiste Údarás Áitiúil.

!

**Déanfar gach íocaíocht i leith taistil agus speansais de réir rialacha na hearnála poiblí agus Pholasaí Taistil agus Speansais PPN (féach an sampla in Aguisín 6). Ní bhaineann speansais den sórt ach le taisteal sa chontae i gcomhair cruinnithe rúnaíocht PPN nó lasmuigh den chontae i gcúinsí eisceachtúla amhail oiliúint, freastal ar chomhdháil PPN nó cruinnithe Líonra Rúnaíochta.**

Is é an tÚdarás Áitiúil seachas an PPN a chúitíonn speansais Ionadaithe PPN ar Bhord nó Coiste Údarás Áitiúil (féach Cuid 4).

# Feidhmeanna na Rúnaíochta – Léargas Ginearálta

Feidhmeanna riaracháin is ea príomhfheidhmeanna na Rúnaíochta, téitear i mbun dualgas faoi stiúir an Ollchruinnithe. Áirítear leis na feidhmeanna seo:

- Forbairt agus feidhmiú an Phlean Straitéisigh
- Oibrithe PPN a éascú agus a chumasú ina ngníomhaíochtaí laethúla chun cuspóirí PPN a fheidhmiú
- A chinntiú go gcloítear leis an Struchtúr Cothrom
- An PPN agus a Bhallraíocht a chur chun cinn
- Bunachar sonraí bhallraíocht PPN a bhainistiú (faoi réir rialacháin RGCS)
- Toghcháin Ionadaithe PPN a mhaoirsiú
- Bheith cuntasach don Ollchruinniú agus a dtreoracha a chur i bhfeidhm

**Caithfear an ról a shainmhíniú go soiléir agus a leagan amach i mBunreacht an PPN. Ba chóir an Bunreacht a athbhreithniú go rialta chun a chinntiú go bhfuil sé ag cur le téarmaí an Lámhleabhair seo agus le gach ciorclán Roinne.**

!

## Forbairt agus Feidhmiú an Phlean Straitéisigh

Ba chóir Plean Straitéiseach a bheith ag gach PPN ina gcumhdaítear tréimhse, faoi réir leithdháiltí bliantúla maoinithe, trí go cúig bliana. Ba chóir do Bhallghrúpaí an PPN an Plean Straitéiseach seo a fhorbairt; an Rúnaíocht agus Oibrithe lena scríobh; an tOllchruinniú lena fhaomhadh.

Ansin, an Rúnaíocht a mhaoirsíonn agus a fheidhmíonn an Plean Straitéiseach thar ceann an Ollchruinnithe. Ba chóir don PPN cuireadh a thabhairt don Údarás Áitiúil, mar pháirtí leasmhar agus cómhaoinitheoir, le hionchur a bheith acu i bPlean Straitéiseach an PPN. Ba chóir go gcuirfí san áireamh sna hionchuir seo neamhspleáchas an PPN, agus é i mbun a chuid oibre, agus chuspóirí PPN.

# Oibrithe PPN a Bhainistiú

Ba chóir cur síos róil atá sainmhínithe go soiléir a bheith ag Oibrithe Acmhainne agus ag Oibrithe Tacaíocht, atá ar aon dul le feidhmiú an phlean oibre agus a chomhaontaítear ag tús na bliana. Ba chóir don Choiste Idirchaidrimh Foirne an cur síos ar na róil seo a athbhreithniú dá réir. Ba chóir don Rúnaíocht treoir shoiléir a thabhairt do na hOibrithe PPN ar ghníomhartha leantacha a bhíonn de dhíth i ndiaidh gach cruinniú agus iad a chur in iúl go soiléir do na hOibrithe PPN.

Éascaíonn agus cumasaíonn an Rúnaíocht gníomhaíochtaí laethúla Oibrithe PPN i soláthar cuspóirí PPN thar ceann an Ollchruinnithe agus cinntíonn go gcomhlíonann Oibrithe PPN a ndualgais faoi mar atá leagtha amach sa Phlean Oibre PPN. Sa chás ina bhfuil

na hOibrithe PPN fostaithe ag an Údarás Áitiúil/Ósteagraíocht/Eagraíocht Tacaíochta, is fúthu sin a bheidh cúraimí AD agus riarachán párolla agus is gá na róil ar leith seo a leagan amach go soiléir i gcomhaontú sannacháin.

!

**Déanann an Rúnaíocht maoirseacht ar obair an PPN idir Ollchruinnithe agus éascaíonn agus cumasaíonn gníomhaíochtaí laethúla an Oibrí Acmhainne, Oibrí Tacaíochta agus aon bhall foirne sealadach, páirtaimseartha nó Scéime atá fostaithe ag an PPN lena chuspóirí a thabhairt chun cinn. Ós rud é nach féidir le suas le 15 dhuine ar Rúnaíocht amháin a bheith freagrach as tacaíocht laethúil na mBall Foirne, ní mór do gach Rúnaíocht Coiste Idirchaidrimh Foirne a cheapadh ar a bhfuil triúr ball den Rúnaíocht a dhéanfaidh caidreamh díreach leis an bhfoireann maidir lena ngníomhaíochtaí laethúla.**

**A luaithe agus is féidir i ndiaidh cheapadh an Choiste Idirchaidrimh Foirne, ní mór don triúr a chinntiú go bhfreastalóidh siad ar oiliúint AD agus bainistíochta roimh dhul i mbun a róil mar chuid den Choiste Idirchaidrimh Foirne.**

Maidir le gach Oibrí PPN a earcú agus a roghnú, is ceart do Rúnaíocht an PPN agus don Oibrí Acmhainní, nuair is cuí, a bheith rannpháirteach go hiomlán i bpróiseas soiléir agus trédhearcach atá cuí chun riachtanais an PPN ar leith agus an tuairisc ghaolmhar ar phost a chomhlíonadh.

Aithnítear go bhféadfadh Oibrithe PPN a bheith fostaithe ag roinnt páirtithe leasmhara éagsúla, agus go bhféadfadh meascán de chonarthaí buana agus sealadacha a bheith i gceist, ag brath ar a gconradh fostaíochta, agus mar sin moltar go bhfostaítear Oibrithe Acmhainní agus Oibrithe Tacaíochta le bheith ag obair leis an PPN, faoi réir ag leithdháilte maoinithe, ar feadh thréimhse trí bliana ar a laghad, nuair is féidir sin. Ní chuirtear cosc ar na hOibrithe PPN leas a bhaint as deiseanna gairme eile, sa chás go dtiocfadh siad chun cinn go mbeadh spéis ag na hOibrithe PPN iontu.

!

**Ní mór do gach PPN a chinntiú go leantar dea-chleachtais Acmhainní Daonna agus go gcloíonn an PPN leis na rialacháin ar fad maidir le fostaíocht. An Rúnaíocht atá freagrach as sin. Chuige sin, is ceart don Rúnaíocht a chinntiú go bhfuil ar a laghad na beartais seo a leanas i bhfeidhm ag an PPN. Is ceart do gach ball den Rúnaíocht agus do gach Oibrí PPN na beartais sin a shíniú lena chur in iúl gur léigh siad agus gur thuig siad go hiomlán iad:**

- **Beartas Taistil agus Costas (féach sampla in Aguisín 6)**
- **Beartas Úsáide Idirlín agus Ríomhphoist (féach sampla in Aguisín 7)**
- **Nós Imeachta faoi Chasaoid (féach sampla in Aguisín 9)**
- **Beartas maidir le Tiomáint chun críocha na hOibre (féach sampla in Aguisín 10)**
- **Beartas Aosach Leochaileach (féach sampla in Aguisín 11)**
- **Beartas maidir le Dínit san Áit Oibre (féach sampla in Aguisín 12)**
- **Beartas agus Treoirlínte maidir le Cosaint Sonraí (sampla le tabhairt)**

**Ní mór don PPN Iomlánach beartas agus nósanna imeachta arna bhforbairt ag an Rúnaíocht a fhaomhadh/dhaingniú.**

An Rúnaíocht atá freagrach as Plean Oibre an PPN a fhorbairt freisin. Déantar sin i gcomhar leis na hOibrithe PPN agus trí bhíthin chomhairliúchán le Ballghrúpaí an PPN. Cuirtear an Plean Oibre sin ar aghaidh chuig an PPN Iomlánach lena cheadú. Cuirtear sampla de Phlean Oibre leis an sampla de Mheabhrán Tuisceana a scaipeann an Roinn Forbartha, Tuaithe agus Pobail agus a leagtar amach in Aguisín 13.

## An Struchtúr Cothrom a Chothabháil

!

D'fhonn an Struchtúr Cothrom a chothabháil, ní mór do Rúnaíochtaí bealaí praiticiúla le bheith ag obair a fhorbairt, amhail:

- An Cathaoirleach / tionólaí cruinnithe a uainiú ar bhonn rialta. Le linn a gcuid ama mar Chathaoirleach / Éascaitheoir Uainíochta, féadfaidh an duine sin doiciméid a shíniú, etc., thar ceann an PPN, ar an gcoinníoll go dtugann an Rúnaíocht sainordú dóibh sin a dhéanamh.
- Grúpa Cathaoirleach / Éascaitheoirí / tionólaithe uainíochta a bheith ann, e.g. bíonn an Cathaoirleach / Éascaitheoir Uainíochta isteach ag obair i gcomhar leis an gCathaoirleach / Éascaitheoir Uainíochta reatha chun an próiseas a threorú. Is ceart ról an Chathaoirligh / Éascaitheora Uainíochta a uainiú i ndiaidh gach cruinniú, nó gach sé mhí ar a laghad, lena chinntiú go mbeidh deis ag gach ball den Rúnaíocht bheith ina éascaitheoir.
- Foghrúpaí tasc-bhunaithe gearrthéarmacha a bhunú, a thuairiscíonn chuig an Rúnaíocht agus chuig an PPN Iomlánach ar deireadh, e.g. Airgeadas, Cumarsáid, Ballraíocht, Earcaíocht, etc.
- Athmheasúnú rialta a dhéanamh ar an tslí a gcuirtear na foghrúpaí sin le chéile agus a dtugtar uainíocht iontu do dhaoine. Tá baill PPN nach baill den Rúnaíocht iad incháilithe dul isteach sna foghrúpaí sin más cuí.
- Próisis agus nósanna imeachta soiléire a bheith ag an PPN arna gceadú ag an PPN Iomlánach.
- A chinntiú go gcuirtear na cláir oibre agus na miontuairiscí ar fad ó chruinnithe PPN Iomlánacha agus Rúnaíochta, chomh maith leis na tuarascálacha a eisíonn Ionadaithe PPN ar bhoird agus coistí Údarás Áitiúil ar fáil in am trátha ar láithreán gréasáin an PPN, chun an trédhearcacht is mó is féidir a chinntiú.

## An PPN agus Ballraíocht a Chur Chun Cinn

Is ceart go mbeadh ballraíocht na PPNanna chomh héagsúil agus is féidir, rud a léireodh an ghníomhaíocht faoi stiúir oibrithe deonacha sa limistéar Údarás Áitiúil agus atá cuimsitheach ar bhonn sóisialta. Seans nach eol do go leor eagraíochtaí gur ann don PPN agus gur iomaí tairbhe a bhaineann leis. Tá ról ag an Rúnaíocht ballraíocht a chur chun cinn ar fud a limistéir Údarás Áitiúil.

Is ceart don PPN a bheith réamhghníomhach chun na tairbhí a bhaineann le hionadaíocht an phobail ar Bhoird agus ar Choistí a chur chun cinn. Ar a laghad, ní mór gach Ionadaí pobail ar Bhoird agus ar Choistí Údarás Áitiúil a cheapadh trí bhíthin an PPN.

Is ceart do PPNanna a bheith oscailte do bhaill nua agus go háirithe do ghrúpaí a ndéantar tearcionadaíocht orthu de ghnáth. Dírítear ar go leor de na grúpaí sin faoin gClár um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail (SICAP) arna reáchtáil ag Cuideachtaí Forbartha Áitiúla, agus bheadh sé áisiúil don PPN comhoibriú le SICAP chun teagmháil a dhéanamh leis na grúpaí sin. Is ceart do Rúnaíocht PPNanna líonrú a dhéanamh lena mBallghrúpaí freisin ach freastal ar imeachtaí oiliúna agus líonraithe arna n-eagrú ag an PPN.

!

**I gcásanna ina moltar athrú ar na critéir bhallraíochta, ní mór don Rúnaíocht na critéir bhallraíochta nua a chur faoi bhráid an PPN Iomlánaigh lena gceadú. Sa chás gur mian le grúpa clárú agus nach léir go gcomhlíonann siad na critéir, féadfaidh an Rúnaíocht tuilleadh faisnéise a iarraidh ar an ngrúpa sin (féadfaidh an Rúnaíocht an obair sin a tharmligean chuig na hOibrithe PPN).**

I gcásanna áirithe, féadfar an chatagóir Ballraíocht Chomhlach a úsáid le haghaidh grúpaí na gcomhlíonann na critéir ar fad. Bheadh grúpaí den sórt sin in ann faisnéis agus oiliúint a aimsiú, etc., ach bheadh vótáil faoi lánrogha an PPN agus de réir a Bhunreachta.

Is ceart do Bhallghrúpaí a bheith in ann iad féin a roghnú mar eagraíochtaí Pobail agus Deonacha nó mar eagraíochtaí Uilechuimsitheachta Sóisialta bunaithe ar na sainmhínithe a chuirtear ar fáil, agus a bheith cláraithe mar chuid de na Coláistí sin. I gcásanna áirithe, féadfaidh an Rúnaíocht treoir a thairiscint do Bhallghrúpaí molta más theastaíonn soiléireacht.

!

Mar riachtanas den Cholún Comhshaoil, ní mór go mbeadh grúpaí ar mian leo a bheith catagóirithe mar chuid den Choláiste Comhshaoil a bheith **ceadaithe ag an gColún Comhshaoil.** Ní mór don Rúnaíocht liosta de na grúpaí iarratasóra sin, chomh maith le tuairisc ar a ngníomhaíochtaí comhshaoil, a sheoladh chuig an gColún Comhshaoil, Ionad MACRO, 1 Sráid na Faiche, Baile Átha Cliath 7, Teileafón: 01 878 0116 Ríomhphost: office@ien.ie

## An Bunachar Sonraí Ballraíochta a Bhainistiú

Is ceart do ghrúpaí ath-chlárú leis an PPN gach dhá bhliain ar a laghad lena chinntiú go mbeidh a gcuid faisnéise cothrom le dáta. Is féidir sin a dhéanamh níos minice, ag brath ar riachtanais an PPN. Sa chás go dtagann an PPN ar an eolas go bhfuil athrú tagtha ar an bhfaisnéis atá acu faoi Bhallghrúpa, is ceart dó an fhaisnéis nua a dheimhniú agus a bhunachar sonraí a thabhairt cothrom le dáta chomh luath agus is féidir. Is ceart don Rúnaíocht agus d'Oibrithe PPN oibriú le chéile chun teacht ar bhealach le Ballghrúpaí a ath-chlárú nach mbeadh an iomarca ama i gceist leis agus nach mbeadh deacair ó thaobh riaracháin de, don Rúnaíocht, do na hOibrithe PPN nó do na Ballghrúpaí.

Is ceart do gach PPN prótacal maidir le hath-chlárú a dhréachtú. Tá sampla de phrótacal in Aguisín 14.

Tá an pointe/na pointí teagmhála PPN i mball-eagraíocht thar a bheith tábhachtach ó thaobh nuachtlitreacha agus faisnéis eile a scaipeadh. B'fhearr seoladh ríomhphoist a bheith san áireamh sna sonraí teagmhála, ach a choinneáil ar intinn gur seans nach mbeadh rochtain ar ríomhphost ag grúpaí áirithe, is faoin Rúnaíocht é mionsonraí teagmhála a dheimhniú, le ceadú ón PPN Iomlánach.

Nuair is féidir é, ní ceart go mbeadh duine amháin ina phointe teagmhála do níos mó ná grúpa amháin. Mar gheall go bhfuil deighilt idir feidhmeanna Ionadaithe Poiblí agus an PPN, ní ceart go mbeadh Ionadaithe Colúin, daoine a bhfuil ról polaitiúil acu (i.e. Comhairleoirí, TDanna, Seanadóirí agus FPEnna), ná baill foirne na nÚdarás Áitiúil ina bpointe teagmhála PPN d'eagraíochtaí. Is ceart do gach PPN seoladh ríomhphoist PPN ginearálta a úsáid (e.g. 'info@sampleppn.ie') mar phríomh-mhodh teagmhála, seachas seoladh ríomhphoist a bhaineann le duine faoi leith.

Chun rannpháirtíocht ghníomhach a spreagadh, is ceart do Bhallghrúpaí faisnéis rialta a fháil faoin PPN, faoin tslí a n-oibríonn sé agus faoin tslí a bhféadfaidh siad a bheith níos rannpháirtí ann.

### *PPNanna Ceantair Bhardasaigh*

Tá formhór mór na gcontaetha eagraithe ina gCeantair Bhardasacha anois, áit a bhfuil cumhachtaí áirithe ag comhairleoirí agus ag baill foirne na nÚdarás Áitiúil maidir le hoibreacha oibríochta agus cothabhála sa Cheantar. Moltar do PPNanna Ceantair Bhardasaigh a eagrú i ngach Ceantar Bardasach i gceantar PPN. Is é sin an áit a ndéantar cinnteoireacht agus is ceart láithreacht i ngach Ceantar Bardasach a bheith ag gach PPN lena chinntiú go gcloistear guth an phobail. Is ceart do Rúnaíocht an PPN agus d'Oibrithe an PPN oibriú leis na Ballghrúpaí chun iad a spreagadh a bheith rannpháirteach ar leibhéal Ceantair Bhardasaigh, nó ar leibhéal fo-struchtúir ar bith eile i gcathracha, ach na buntáistí a bhaineann leis sin a chur in iúl ar bhealach soiléir agus inrochtana.

I gcathracha nach bhfuil struchtúr Ceantair Bhardasaigh iontu, seans gur mian le PPNanna fo-PPNanna a bhunú i limistéir gheografacha sainithe, bunaithe ar Thoghranna nó ar Choistí Ceantair Áitiúil an Údaráis Áitiúil, b'fhéidir.

### *An Bunachar Sonraí Ballraíochta*

Tá an Rúnaíocht freagrach as an mbunachar sonraí ballraíochta a bhainistiú trí bhíthin Salesforce (faoi réir ag comhlíonadh iomlán RGCS). Féadfaidh sí a hoibríochtaí a tharmligean chuig Oibrí nó tríú páirtí, ach ní mór don bhunachar sonraí ballraíochta a bheith faoi rialú agus faoi stiúir na Rúnaíochta.

Ní mór don Rúnaíocht a chinntiú go gcomhlíonann rochtain ar an mbunachar sonraí Salesforce an reachtaíocht ábhartha maidir le cosaint sonraí an t-am ar fad agus go bhfuil beartais agus treoirlínte um chosaint sonraí i bhfeidhm.

### *Tacú le Fís le haghaidh Folláine Phobail a fhorbairt*

Tá an Fhís le haghaidh Folláine Phobail beartaithe fís a leagan amach le haghaidh folláine an phobail don ghlúin reatha agus do na glúnta atá le teacht. Is tionscadal tábhachtach don PPN é a chinntiú go gcuireann PPNanna am ar leataobh chun an méid ar mian leis na

Ballghrúpaí a bhaint amach dá bpobal a fhiosrú, le go bhféadfaidh na huaillmhianta sin a bheith mar bhonn eolais d'obair na PPNanna. Tá a bhFís le haghaidh Folláine Phobail forbartha ag roinnt PPNanna agus tá siad á n-úsáid acu mar bhonn eolais dá gcomhairliúcháin agus don ionchur ó Ionadaithe. Dá bharr sin, is cuid lárnach d'obair na PPNanna é sin.

Is fiú go mór an próiseas chun Fís le haghaidh Folláine Phobail (an Fhís) a fhorbairt, cé go bhfuil go leor ama i gceist leis. Teastaíonn comhairliúcháin le Ballghrúpaí, comhairliúcháin ar líne, dréachtú agus leasú sular féidir doiciméad críochnaitheach, láidir a sheoladh chuig an PPN Iomlánach lena cheadú, doiciméad ina léirítear tuairimí an PPN go soiléir. Agus í ag tacú le forbairt na físe sin, beifear ag súil go bhfreastalóidh an Rúnaíocht ar oiliúint ar an bpróiseas a úsáidtear chun an Fhís a fhorbairt agus, nuair is gá, ar na scileanna éascaithe a theastaíonn chun comhairliúcháin le Ballghrúpaí a éascú.

Is ceart do bhaill na Rúnaíochta a bheith ar fáil chun athbhreithniú a dhéanamh ar an ionchur do na comhairliúcháin agus chun an dréacht-fhoclaíocht don chomhairliúchán a fhorbairt.

## Maoirseacht ar Thoghcháin Ionadaithe PPN

Nuair a chuardaíonn Údarás Áitiúil nó gníomhaireacht, Bord nó Coiste eile Ionadaí PPN, is ceart dóibh teagmháil a dhéanamh le Rúnaíocht PPN leis na mionsonraí seo a leanas:

- Teideal an Bhoird nó an Choiste
- Feidhm agus raon feidhme an Bhoird nó an Choiste
- Baill reatha an Bhoird nó an Choiste
- An tiomantas a bhfuiltear ag súil leis ó Ionadaí PPN e.g. am agus áit cruinnithe, rannpháirtíocht i bhfoghrúpaí, bheith ina stiúrthóir cuideachta, etc.
- Na scileanna ar mian leo go mbeadh ag an Ionadaí. (Tugtar ar aird: ní féidir leo a bheith ró-shrianta, e.g. ghlacfaí le "spéis sna saincheisteanna a bhfuil tionchar acu ar dhaoine atá ag maireachtáil faoi bhochtaineacht agus eolas orthu", ach seans nach nglacfaí le "bheith ina g(h)airmí cúraim sláinte cáilithe".)
- Cad iad na costais iníoctha.
- Srianta ar bith ar bhallraíocht ar an mBord nó ar an gCoiste, e.g. gan a bheith ina f(h)ostaí nó ina b(h)all d'eagraíocht a fhaigheann maoiniú go díreach ón mBord nó ón gCoiste (coinbhleacht leasa), nó gan a bheith ina b(h)all d'earnáil ainmniúcháin eile, e.g. feirmeoireacht a bhfuil ionadaíocht aici ar an mBord nó ar an gCoiste cheana féin, nó bheith as limistéar geografach nó cineál eagraíochta áirithe. Mar shampla, d'fhéadfadh Local Link Ionadaí a lorg ó gach Ceantar Bardasach i limistéar Údaráis Áitiúil; d'fhéadfadh Comhpháirtíocht Spóirt Ionadaithe a lorg as spriocghrúpaí difriúla, e.g. daoine scothaosta, daoine faoi mhíchumas etc.

- Aon choinbhleacht leasa a d'fhéadfadh a bheith ann a mbeadh tionchar aici ar rannpháirtíocht iomlán Ionadaí ar an mBord nó ar an gCoiste.
- Cúrsaí ábhartha eile.

Sa chás nach dtugtar na mionsonraí sin, is ceart don Rúnaíocht iad a iarraidh ón Údarás Áitiúil nó ón ngníomhaireacht a bhfuil Ionadaíocht PPN á lorg aici.

**Ní mór don Rúnaíocht a chinntiú go ndéantar ainmniúcháin agus toghcháin d'áiteanna ar Bhoird agus ar Choistí go tráthúil agus de réir na bpróiseas a bhunaigh an PPN. Tugtar sampla díobh sin i gCuid 4.**

!

Agus na próisis sin á bhforbairt, ní mór an méid seo a leanas a chur san áireamh:

- Is ceart do Nascghrúpa / Ghrúpa Téamach Ballghrúpaí na hIonadaithe PPN ar fad ar Bhoird nó ar Choistí a ainmniú (agus iad a thógadh, i gcásanna áirithe). Is ceart do Bhoird nó do Choistí tuairisciú chuig Nascghrúpa /Grúpa Téamach Ballghrúpaí agus déanamh de réir a dtreoracha. Ní dhéanann siad ionadaíocht ar a leasanna féin ná ar leasanna a n-eagraíochta féin.
- Leis struchtúr an Nascghrúpa / an Ghrúpa Théamaigh, tugtar deis grúpa daoine sa phobal a fhorbairt a bhfuil tuiscint níos doimhne acu ar shaincheisteanna beartais agus ar an tionchar a bhíonn acu. Is cuid lárnach d'obair Rúnaíocht PPN é struchtúr Nascghrúpa/ Ghrúpa Théamaigh a chur ar bun agus é a fhorbairt.
- Is ceart ionadaíocht a leathnú amach ó thaobh cúrsaí inscne, geografacha agus cineál eagraíochta.
- Ní ceart do dhuine ionadaíocht a dhéanamh ar an PPN ach ar Bhord nó ar Choiste amháin (seachas i gcás bhaill den Rúnaíocht a bhfuil cead acu ionadaíocht a dhéanamh ar an PPN ar Bhord nó ar Choiste amháin chomh maith lena n-ionadaíocht ar an Rúnaíocht). Cé go bhféadfaidh imthosca eisceachtúla teacht chun cinn, is ceart gurb é raon Ionadaithe a chinntiú an bunphrionsabal.
- Bunaítear ionadaíocht PPN in eagraíochtaí atá faoi stiúir oibrithe deonacha agus is próiseas ar leithligh é ó Pholaitíocht Rialtais, e.g. TDanna, FPEnna, Seanadóirí, Comhairleoirí, etc. Dá bharr sin:
  - o Ní féidir Ionadaithe tofa de chuid Údaráis Áitiúla, comhaltaí Oireachtais ná FPEnna a ainmniú leis an bpróiseas sin.
  - o Ní féidir le duine a chuir é féin chun cinn lena ainmniú le bheith tofa, duine a sheas i dtoghchán ná a d'fhóin ina ionadaí tofa ar leibhéal rialtais ar bith (áitiúil, náisiúnta nó Eorpach), ní féidir leis ionadaíocht a dhéanamh ar an PPN faoi ról Ionadaíochta ar bith, lena n-áirítear ar an Rúnaíocht, ar feadh tréimhse 12 mhí i ndiaidh an dáta ar cuireadh in iúl dó nár éirigh lena iarracht ar ainmniúchán, nó, sa chás gur ainmníodh é, 12 mhí i ndiaidh dháta an toghcháin, nó sa chás gur toghadh é, 12 mhí i ndiaidh a théarma oifige a chur isteach.

## An Rúnaíocht agus an tÚdarás Áitiúil

Is cuid lárnach de rannpháirtíocht an phobail le struchtúir rialtais áitiúil é an PPN. Féadfaidh PPNanna tacú le hobair an Údaráis Áitiúil ach comhairliúcháin lena mBallghrúpaí a éascú agus tacaíocht do thionscnaimh ábhartha Údarás Áitiúil a spreagadh, nuair is chun leasa a mbaill iad.

### *Beartais an Údaráis Áitiúil*

De bharr an dlúthchaidrimh idir an PPN agus an tÚdarás Áitiúil, d'fhéadfadh beartais áirithe an Údaráis Áitiúil tionchar a imirt ar an PPN. Ní mór don Rúnaíocht plé leis an Údarás Áitiúil ar bhealach measúil agus comhoibríoch, agus a choinneáil ar intinn go bhfuil freagrachtaí ar Údaráis Áitiúla nach mór dóibh a chomhlíonadh agus beartais nach mór cloí leo agus iad ag feidhmiú a ndualgais (e.g. tuairisceáin airgeadais).

### *Meabhrán Tuisceana*

! **Ní mór do gach PPN Meabhrán Tuisceana a chomhaontú leis an Údarás Áitiúil agus le heagraíochtaí ábhartha eile. Is ceart na príomhréimsí idir an dá struchtúr a bheith san áireamh ann, agus is ceart go dtabharfadh sé soiléireacht maidir le róil agus caidrimh, chomh maith le dúbláil a sheachaint.**

Ar a laghad, is ceart don Mheabhrán Tuisceana an méid a leanas a chuimsiú:

- Rannpháirtíocht i gcinnteoireacht agus ionadaíocht, i.e. toghcháin, Ionadaithe agus Nascghrúpaí / Grúpaí Téamacha a bhainistiú, rannpháirtíocht i gcomhairliúcháin agus i bhfóraim eile, an seasamh ó thaobh príomh-shaincheisteanna a fhorbairt, etc.
- Fostaíocht, éascaíocht agus tacaíocht ó thaobh Oibrithe PPN, lena dteastaíonn tuiscint shoiléir ar chásanna ina bhfuil Oibrithe PPN fostaithe ag an Údarás Áitiúil ach ag fáil tacaíochta ó Rúnaíocht an PPN.
- Earcaíocht agus roghnú Oibrithe PPN agus ról an Údaráis Áitiúil agus na Rúnaíochta sa phróiseas earcaíochta agus roghnaithe sin.
- Méadú Acmhainneachta i.e. oibriú le Ballghrúpaí chun a dtuiscint ar an PPN agus a rannpháirtíocht leis a mhéadú; measúnú a dhéanamh ar riachtanais oiliúna agus oiliúint ábhartha a chur ar fáil, líonrú a éascú agus dea-chleachtas a roinnt idir Bhallghrúpaí; líonraí a fhorbairt, etc.
- Comhroinnt faisnéise agus cumarsáid, i.e. oibriú le baill, láithreán gréasáin a fhorbairt agus a chothabháil, nuachtlitir rialta a dhearadh agus a fhoilsiú.
- Gníomhaíochtaí eile, i.e. oifig agus foireann a bhainistiú, cruinnithe rialta den Rúnaíocht, PPNanna Ceantair Bhardasaigh agus PPN Iomlánach a thionól, idirchaidreamh leis an Údarás Áitiúil, an bunachar sonraí a bhainistiú, faireachán agus meastóireacht, riarachán ginearálta, etc.

Tugtar sampla de Mheabhrán Tuisceana in Aguisín 13. Tá an Meabhrán Tuisceana sin mar chuid de Phlean Oibre bliantúil an PPN agus is ceart é a athbhreithniú gach bliain lena chinntiú go bhfuil sé cuí agus ábhartha.

### *Réiteach Díospóidí – Údaráis Áitiúla*

Is ceart gach díospóid idir an PPN agus an t Údarás Áitiúil a réiteach go háitiúil ar bhealach a léiríonn an caidreamh oibre idir an PPN agus an tÚdarás Áitiúil agus meas ar neamhspleáchas an dá thaobh.

Díospóid ar bith nach féidir a réiteach go háitiúil idir an PPN agus an tÚdarás Áitiúil, déanfar é a tharchur chuig eadráin arna héascú ag eadránaí neamhspleách. Is trí bhíthin chomhaontú idir an Rúnaíocht agus an tÚdarás Áitiúil a roghnófar an t-eadránaí. Sa chás nach féidir teacht ar chomhaontú i ndáil le headránaí, ceapfaidh an Roinn Forbartha, Tuaithe agus Pobail eadránaí neamhspleách. Beidh feidhm leis sin freisin maidir le headránaí ionaid a cheapadh, sa chás go mbeadh coinbhleacht leasa ag an eadránaí bunaidh nó nach féidir leis feidhmiú ar chúis ar bith eile. I gcás eadrána, íocfaidh an tÚdarás Áitiúil agus an PPN leath de chostais na headrána agus de chostais ghaolmhara, i.e. íocfaidh an PPN a sciar de chostas na headrána as a bhuiséad féin agus íocfaidh an tÚdarás Áitiúil a sciar óna acmhainní féin. Ní féidir leis an Údarás Áitiúil an méid sin a bhaint óna leithdháileadh don PPN.

Sa chás nach féidir teacht ar chomhaontú, déanfaidh an Roinn Forbartha, Tuaithe agus Pobail cinneadh faoin gceist agus is cinneadh críochnaitheach é a bheidh ceangailteach ar an PPN agus ar an Údarás Áitiúil.

## Socruithe Óstála

**Déantar roinnt PPNanna a óstáil ag eagraíochtaí lasmuigh de struchtúir an PPN nó an Údaráis Áitiúil. Sna cásanna sin, ní mór don Rúnaíocht a chinntiú go bhfuil na comhaontuithe seo a leanas i bhfeidhm d'fhonn téarmaí an tSocraithe Óstála a leagan amach agus lena chinntiú gur léir na fóireacha:**

!

- i **Meabhrán Tuisceana idir an tÚdarás Áitiúil agus an PPN i ndáil leis an mbliain reatha.**
- ii **Comhaontú Seirbhíse idir an Eagraíocht Óstála agus an PPN.**
- iii **Comhaontú Seirbhíse idir an tÚdarás Áitiúil agus an Eagraíocht Óstála.**

## Freagracht Bhuiséid

Cibé struchtúr atá in úsáid ag an PPN agus neamhspleáchas na PPNanna ina gcuid oibre á chur san áireamh, is é an PPN atá freagracht as airgead poiblí a chaitheamh. Ní ceart buiséad an PPN a úsáid ach amháin le haghaidh obair an PPN, ag tacú le cuspóirí an PPN. Ní mór soláthar a dhéanamh i mBunreacht an PPN don tslí ar féidir buiséid PPN a chaitheamh. Agus buiséad an PPN á chaitheamh, ní mór don PPN cloí le Plean Oibre agus le Plean Straitéiseach an PPN agus le Ciorcláin na Roinne.

Tá an Rúnaíocht freagrach don PPN Iomlánach, don Roinn Forbartha, Tuaithe agus Pobail agus don Údarás Áitiúil i ndáil le buiséad bliantúil an PPN. €50,000 a bhí sa leithdháileadh bliantúil bunaidh do gach PPN ón Roinn Forbartha, Tuaithe agus Pobail,

agus bhí ar a laghad €30,000 le teacht ón Údarás Áitiúil. Le blianta beaga anuas, tá leithdháileadh breise déanta ag an Roinn Forbartha, Tuaithe agus Pobail chun post breise d'Oibrí Tacaíochta a áirithiú. Cuirfidh Údaráis Áitiúla forlíonadh le leithdháileadh na Roinne trí bhíthin leithdháileadh breise i gcomhréir le Ciorclán CVSP 2/2019 ón Roinn.

! **Ní mór don PPN an leithdháileadh maoinithe don Oibrí Acmhainní agus an leithdháileadh maoinithe breise chun an tOibrí Tacaíochta a earcú a imfhálú chun críocha an PPN agus ní ceart iad a úsáid chun aon chríocha eile.**

Is ceart don Rúnaíocht oibriú leis na hOibrithe PPN chun an Buiséad bliantúil a cheapadh lena cheadú ag an PPN Iomlánach.

Cé go bhféadfaidh comhlacht eile é a riar, ní mór don bhuiséad sin a bheith faoi rialú an PPN. Tá an PPN saor chun iarratas a dhéanamh ar dheontais agus ar mhaoiniú breise chun tacú le hoibreacha eile arna ndéanamh i gcomhréir le Plean Oibre an PPN. Sa chás go bhfuil an maoiniú PPN á choinneáil i gcuntas bainc a fheidhmíonn an tÚdarás Áitiúil, féadfaidh an tÚdarás Áitiúil iarraidh ar an PPN caiteachas a dhearbhú ag teacht le ghnáth-nósanna imeachta airgeadais an Údaráis Áitiúil sin. Ní fhéadfaidh an tÚdarás Áitiúil faisnéis a iarraidh taobh amuigh de na nósanna imeachta oibrithe airgeadais sin, ná iarracht a dhéanamh tionchar a imirt ar an tslí a gcaitheann an PPN a bhuiséad. Sa chás go dtagann díospóid chun cinn, déanfar í a tharchur chuig eadránaí agus íocfaidh an PPN agus an tÚdarás Áitiúil araon sciar cothrom den chostas ar fad a bhaineann leis an eadráin óna n-acmhainní féin.

Bunaítear an leithdháileadh maoinithe chuig an PPN ar dhearbhú ón PPN go bhfuil próiseas buiséid stuama i bhfeidhm aige agus go bhfuil modh soiléir cuntasachta agus cinnteoireachta ar leibhéal an PPN Iomlánach. Is ceart don Rúnaíocht nithe a bhaineann leis an mbuiséad a cheadú agus na beartais sin á leanúint acu.

## An Rúnaíocht agus an Roinn Forbartha, Tuaithe agus Pobail

Anuas ar mhaoiniú, tugann an Roinn Forbartha, Tuaithe agus Pobail tacaíocht do PPNanna maidir le cúrsaí oibriúcháin, trí bhíthin chiorcláin ón Roinn.

! **Ní mór don Rúnaíocht a chinntiú go scaiptear na Ciorcláin sin ón Roinn ar gach duine a mbeadh tionchar acu orthu nó nach mór a bheith ar an eolas fúthu agus ní mór don PPN iad a chomhlíonadh go hiomlán. Sa chás nach bhfuil an Rúnaíocht cinnte faoi cad atá i gceist ag an Roinn i gciorclán ar bith, is ceart di iarraidh ar an Roinn soiléireacht a thabhairt, chomh luath agus is féidir. Sa chás go n-eisíonn an Roinn ciorclán nua, is ceart don PPN a chinntiú go ndéantar aon athrú riachtanach ar a dhoiciméadúchán rialála agus é sin a dhaingniú ansin ag an gcéad chruinniú eile leis an PPN Iomlánach.**